9

Focail Dheacra

	Lch
mífhoighne	87
liodán (ag léamh an liodáin)	89
pórú capall	
tionlacan	93
úmacha	
scaoll	94
ag cur thar maoil	96
ceamach	97

Frásaí

	Lch
gan stad gan staonadh	95

Ceisteanna Bunaithe ar Fhianaise

1. Cad é mar a mhothaigh Joey nuair a bhain siad an puball otharlainne amach?
2. Cén fáth ar shíl Joey go raibh an chuma ar an fhear a shiúil amach as an phuball go raibh sé cleachta le feidhm a bhaint as cumhacht?
3. Cad chuige ar thug na saighdiúirí aire do Joey agus do Topthorn?
4. Cén fáth a raibh cuma bhán ar aghaidh an fhir a tháinig amach as an phuball?
5. Cad é an cineál oibre atá beartaithe ag an fhear sin do na capaill?
6. Cén fáth a mbeidh ar Topthorn agus ar Joey an obair sin a dhéanamh?
7. Cén fáth nach mbeadh an t-oifigeach Herr Hauptmann sásta leis an phlean atá ann do na capaill?
8. Cén fáth a bhfuil na capaill de dhíth ar an dochtúir, dar leis?
9. Cén fáth arbh éigean do Joey cuidiú le Topthorn agus iad ag tarraingt na cairte?
10. Cad é a bhí le feiceáil ar na bóithre agus iad ag tarraingt na n-othar chuig an otharlann?
11. Cad é an difear idir an chuma a bhí ar na saighdiúirí gortaithe an t-am seo agus an t-am roimhe?
12. Cad é a cuireadh ar fáil do Joey agus do Topthorn sa stábla?

Ceisteanna Tátalacha

1. Cad é mar a léiríonn an t-oifigeach go síleann sé a mhór de na capaill?
2. Cén fáth a bhfuil Herr Hauptmann chomh tógtha sin faoin phlean do na capaill?
3. Cén fáth a síleann Herr Hauptmann go bhfuil “an saol mór as a meabhair”?
4. Cad é a thugann le fios don oifigeach go bhfuil “na Briotanaigh ar mire glan”?

Ceisteanna Smaointeoireachta

1. Cad é mar a thugann an dochtúir ar Herr Hauptmann ligean dó na capaill a úsáid mar ba mhaith leis? An bhfuil scileanna pearsanta maithe aige, do bharúil?
2. Deir Herr Hauptmann gurb é an fáth atá leis an chogadh ná “lena fháil amach cé acu den dá thaobh is mó atá ar mire”. Cad é atá i gceist aige?
3. An bhfuil sé aisteach gur luaigh an saighdiúir gur shábháil na capaill “Gearmánaigh mhaithe agus Sasanaigh mhaithe”?

Gníomhaíocht

Gníomhaíocht 1: Rólghlacadh

Bhí teannas idir Herr Hauptmann agus an dochtúir. Déan rólghlacadh idir an bheirt fhear agus déan cinnte go gcuireann tú in iúl don duine eile nach n-aontaíonn tú leis. Glac ról an duine eile anois. An bhfuil sé doiligh ról duine nach n-aontaíonn tú leis a ghlacadh?

Gníomhaíocht 2: Scríbhneoireacht

Achoimre

Scríobh achoimre ar na príomheachtraí a tharla sa scéal go dtí seo.

Príomheachtraí

-
-
-
-
-
-
-